



2026/1234

12.6.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1234 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Meitheamh 2026

maidir le veirmicilít a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh atáirgthe agus cearca

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh isteach iarratas ar údarú veirmicilíte. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (3) Baineann an t-iarratas le húdarú veirmicilíte mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach éanlaithe clóis agus gach éin ornáidigh, gach speicis mhucúil, eachainmhithe, leipirideach, ainmhithe de chineál camaill, peataí agus ainmhithe eile nach bia-ainmhithe iad, agus iarrtar ann go n-aicmeofaí an breiseán sin i gcatagóir na mbreiseán ‘breiseáin theicneolaíocha’ agus san fheidhmghrúpa ‘oibreáin frithstolptha’.
- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Sábháilteacht Bia (‘an tÚdarás’) ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 20 Márta 2025 ⁽²⁾ go meastar veirmicilít a bheith sábháilte ag 10 000 mg/kg d’ábhar beatha iomlán le haghaidh sicíní lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin agus béaróg, agus ag 5 000 mg/kg d’ábhar beatha iomlán le haghaidh bainbh diúil agus scoite agus muca lena ramhrú. Mar sin féin, i bhfianaise theorainneacha na staidéar ar a ndearnadh measúnú agus an easpa lamhála comhsheasmhaí sábháilteachta, ní féidir teacht ar chonclúid maidir le sábháilteacht veirmicilíte le haghaidh speicis éanlaithe clóis eile, éin ornáideacha, cránacha, speicis mhucúla eile, eachainmhithe, leipirideach, ainmhithe de chineál camaill, peataí agus ainmhithe eile nach bia-ainmhithe iad. Tháinig sé ar an gconclúid freisin go bhfuil an breiseán sábháilte don tomhaltóir agus don chomhshaol faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Maidir le sábháilteacht úsáideoirí, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur cheart an breiseán a mheas mar íogróir craicinn agus riospráide, agus gur cheart a mheas gur riosca é an breiseán a ionanálú agus nochtadh deirmeach dó. Mar gheall ar an easpa sonraí, níorbh fhéidir leis teacht ar chonclúid maidir le hacmhainneacht an bhreiseáin a bheith ina ghreannaitheoir súl. Tháinig sé ar an gconclúid thairis sin go bhfuil veirmicilít éifeachtúil mar oibreán frithstolptha i mbeatha, nuair a úsáidtear í ag 10 000 mg/kg d’ábhar beatha iomlán, agus thug sé dá aire ag an am céanna go bhfuil an tiúchan a léirítear a bheith éifeachtúil níos airde ná an t-uasleibhéal úsáide sábháilte le haghaidh bainbh scoite agus muca lena ramhrú. D’fhóraigh an tÚdarás freisin an tuarascáil leasaithe ⁽³⁾ ar an modh anailíse ar an mbreiseán beathaithe i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (5) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann veirmicilít na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substainte sin a údarú le haghaidh sicíní lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh atáirgthe agus cearc. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.
- (6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ EFSA Journal [Iris EFSA]. 2025;23:e9362. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9362>.

⁽³⁾ <https://www.efsa.europa.eu/ga/events/185th-plenary-meeting-feedap-panel-open-observers>.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

An veirmicíl a shonraítear san Iarscríbhinn, a bhaineann leis an gcatagóir breiseán ‘breiseáin theicneolaíocha’ agus leis an bhfeidhmghrúpa ‘oibreáin frithstolptha’, údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meitheamh 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: oibreáin frithstolptha								
1i561	Veirmicilít	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Sileacáit iarainn alúmanaim mhaighnéisiam, (veirmicilít) ina bhfuil ≥ 87,0 %, hiodrocsapaitít ≥ 1,0 % agus dia-opsaíd (ina bhfuil Fe⁺²) ≥ 2,4 % I bhfoirm phúdair. <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Veirmicilít (sileacáit iarainn alúmanaim mhaighnéisiam): A fhaightear trí mhianadóireacht agus leathnú teirmeach (scamhadh) ina dhiaidh sin Foirmle cheimiceach: (Mg,Fe²⁺,Al)₃(Al,Si)₄O₁₀(OH)₂·4(H₂O)₂. Nicil ≤ 148 mg/kg Silice chríostalta ≤ 0,06 % Cróimiam ≤ 199 mg/kg Saor ó aispeist ⁽¹⁾ <i>Modh anailíse ⁽²⁾</i> Maidir le saintréithriú an bhreiseáin beathaithe: — Díraonadh x-ghathach (XRD) (EN 13925) agus — Speictriméadracht fluaraiseachta X-ghathaí (XRF) (EN ISO 12677)	Sicíní lena ramhrú Sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh atáirgthe Cearca	—	10 000	10 000	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála. 2. Nuair a úsáidtear an breiseán mar oibreán frithstolptha go díreach in ábhar beatha nó i mbeatha chomhlántach, úsáidfear é ag íosleibhéal 10 000 mg/kg de bheatha. 3. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascirt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint do na súile, don chraiceann agus don anáilú. Tabharfar aird ar leith ar chomhlíonadh reachtaíocht an Aontais maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí ionanáilaithe a bhaineann le nochtadh do shilice chríostalta agus nicil.	2 Iúil 2036

⁽¹⁾ Micreascópacht solais pholaraithe (PLM) agus micreascópacht ruaimnithe spréite.

⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.